

# TUARASCÁIL NA GNÍOMHAIREACHTA EORPAÍ UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ: BUAICPHOINTÍ

EMSA

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Print: ISBN 978-92-95032-83-5, doi 10.2808/773581, TN-01-22-247-GA-C
PDF: ISBN 978-92-95032-62-0, doi 10.2808/241774, TN-01-22-247-GA-N

Gheofar an tuarascáil seo agus aon ábhair a ghabhann leis ar líne ag
http://emsa.europa.eu/emsafe

© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí 2022

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart na Gníomhaireachta a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Íomhá chlúdaigh: © jpgfactory

Féadfaidh sonraí a bhaineann le 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh a bheith san áireamh i dtaighde a rinneadh roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach an 31 Eanáir 2020, agus a foilsíodh ina dhiaidh sin. Tar éis an dáta sin, ní chuirtear san áireamh sa taighde ach na 27 mBallstát AE (AE28 lúide an RA), mura sonraítear a mhalairt.

Teileafón: +351 21 1209 200
Ríomhphost: http://emsa.europa.eu/contact/contacts.html
Suíomh gréasáin: http://emsa.europa.eu/

Publications Office
of the European Union

# TUARASCÁIL NA GNÍOMHAIREACHTA EORPAÍ UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ: BUAICPHOINTÍ

EMSA

## Réamhrá

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) an chéad eagrán den Tuarascáil Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSAFE) ar chothrom an 20ú bliain ó bunaíodh an Ghníomhaireacht. Soláthraíonn an tuarascáil forbhreathnú cuimsitheach agus fíorasach ar raon leathan ábhar sábháilteachta muirí, chomh maith le grinn-anailís ar réimsí teicniúla sonracha. Comhcheanglaíonn EMSAFE faisnéis ó na bunachair shonraí go léir arna n-óstáil ag EMSA, e.g., EMCIP, SafeSeaNet, THETIS, STCW-IS, rud a thugann deis tras-anailís a dhéanamh ar shonraí agus léargais mhionsonraithe a fháil ar stádas na sábháilteachta muirí san Aontas.

Ba mhaith le EMSA buíochas a ghabháil leis na geallsealbhóirí go léir a chuir ionchur agus tuairimí ar fáil don tuarascáil seo, ionas go bhfuil níos mó brí léi. Go háirithe, is mór ag EMSA an t-ionchur a sholáthair an Coimisiún Eorpach (DG MOVE), Ballstáit, IACS, ECSA, ETF, SeaEurope, CLIA, IUMI, MARIN, DIMECC/OneSea, INTERTANKO, Wartsila, Cumann Loingis na Cipire agus Cumann Ríoga Úinéirí Long na hÍsiltíre.

Déanann an doiciméad seo achoimre ar na príomh-shaincheisteanna ar déileáladh leo i gcéad tuarascáil EMSAFE.

## Iompar agus sábháilteacht mhuirí

Is é iompar muirí an ola in inneall an gheilleagair dhomhanda. Ar muir a iompraítear beagnach 80% de thrádáil earraí an domhain de réir toirte. Tá calafoirt Eorpacha i measc na gcinn is gnóthaí ar domhan, ag láimhseáil 3.587 milliún tona earraí in aghaidh na bliana in 2019, 6% níos mó ná in 2016. In 2019, b'ionann iompar intíre agus laistigh den Aontas 37% de mhéid iomlán na trádála. Ina theannta sin, chuaigh níos mó ná 418.8 milliún paisinéir ar bord longa paisinéirí ag calafoirt an Aontais agus thuirling siad díobh in 2019, 13% níos mó ná in 2016.

Ach is í an tsábháilteacht an chomhpháirt is tábhachtaí d'iompar muirí, atá mar bhonn agus mar thaca lena fheidhmiú faoi láthair agus lena dhul chun cinn amach anseo. Tá ár gcreat sábháilteachta muirí reatha - san Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta araon - tagtha chun cinn le blianta fada anuas. Ba iad tionóiscí tubaisteacha aonair, ag tosú le tubaiste an Titanic breis agus céad bliain ó shin, a spreag go leor d'fhorbairt an chreata sin.

Ós rud é gur rud idirnáisiúnta í an loingseoireacht, de réir céille, is Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a rialaíonn a sábháilteacht ar an gcéad dul síos.  Tá an príomh-Choinbhinsiún sábháilteachta, SOLAS 74, daingnithe ag 167 Stát agus clúdaíonn sé 98.89% de thonnáiste ceannaíochta an domhain, céatadán comhchosúil den chabhlach atá clúdaithe ag dhá choinbhinsiún sábháilteachta riachtanacha eile, COLREG agus Load Lines. Maidir le báid iascaireachta, forbraíodh ionstraim idirnáisiúnta (Comhaontú Cape Town ar Chur i bhFeidhm fhorálacha Phrótacail agus Choinbhinsiún Torremolinos), cé nach bhfuil sé i bhfeidhm faoi láthair.

## Maraithe agus sábháilteacht

Tá maraithe cáilithe riachtanach chun sábháilteacht oibríochtaí long a chinntiú agus tá siad ríthábhachtach do thodhchaí na hearnála muirí ina hiomláine. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí deimhnithe inniúlachta bailí (CoC) arna n-eisiúint ag Ballstáit AE ag 216,000 máistir agus oifigeach, agus bhí CoC bunaidh arna n-eisiúint ag tíortha neamh-AE ag 120,590 máistir agus oifigeach eile le formhuinithe arna n-eisiúint ag Ballstáit AE trínar fianaíodh a n-aitheantas (EaR). Ar an iomlán, tá 330,000 máistir agus oifigeach cláraithe mar chriú ionchasach chun fónamh ar bord long a bhfuil bratach de Bhallstát AE orthu. Mar sin féin, **tá próifíl aoise maraithe ag dul in airde**, agus beidh sé ina dhúshlán amach anseo daoine a oibríonn ar bord long a earcú agus a choinneáil.

Céimeanna sa treo ceart is ea iarrachtaí chun dálaí oibre maraithe a fheabhsú, amhail an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí. Mar sin féin, léiríonn figiúirí ó chigireachtaí de chuid Rialú Stáit ar Chalafoirt go **mbaineann timpeall 25% de na heasnaimh a aimsítear leis an ngné dhaonna**, a bhformhór laistigh de MLC Title 4, ina bpléitear le cúram sláinte, cosaint sábháilteachta agus cosc tionóiscí i measc maraithe.

Cuid thábhachtach den phróiseas sábháilteachta is ea oiliúint maraithe. D'fhéadfadh go mbeadh maraithe ar bord long a bhfuil bratach Bhallstát AE orthu a bhfuil oideachas, oiliúint agus deimhniú faighte acu laistigh agus lasmuigh den Aontas. Tá measúnú ar chomhlíonadh Choinbhinsiún STCW ag tíortha neamh-AE láraithe leis an gCoimisiún Eorpach, ionas gur féidir leis na Ballstáit a n-CoC a aithint agus, dá réir sin, go gceadaítear dóibh oibriú ar

bord long atá faoi bhratach Bhallstát AE. Déanann an Coimisiún Eorpach, le cúnamh ó EMSA a dhéanann na cigireachtaí allamuigh riachtanacha, measúnú ar na córais oideachais a chuirtear i bhfeidhm i dtíortha neamh-AE thar ceann Bhallstáit AE agus i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW. Chuige sin**, rinneadh níos mó ná 70 cigireacht ar údaráis mhuirí, ar institiúidí oideachais agus oiliúna i dtríú tíortha ar fud an domhain** chun comhlíonadh an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Oiliúna, Deimhnithe agus Fhaireacháin do Mharaithe (Coinbhinsiún STCW) a mheasúnú. Rinneadh 49 Stát neamh-AE a aithint, mar thoradh ar na cigireachtaí sin.

Léirigh paindéim COVID-19 - nuair nárbh fhéidir le maraithe longa a fhágáil nó dul ar bord, agus i gcásanna áirithe, nuair nach raibh baill foirne agus paisinéirí ionfhabhtaithe in ann an long a fhágáil agus cúram sláinte ceart a fháil - a leochailí atá an saol ar bord long agus chuir sí gné nua leis ar gá díriú uirthi.

D'fhéadfadh sé go dtabharfaidh méadú ar uathoibriú long dúshláin nua do mharaithe; beidh cáilíochtaí nua ag teastáil le haghaidh cineál nua loingseoireachta. Ní fios fós an bhféadfadh aon laghdú ar líon na foirne a d'fhéadfaí a dhéanamh de bharr uathoibriú méadaithe cur le tuirse freisin. Os a choinne sin, d'fhéadfadh uathoibriú deiseanna nua a thabhairt a bheadh nasctha le feabhsú ar dhálaí oibre agus an fhéidearthacht oibriú ar tír mór.

## Comhlíonadh

Is iad na Ballstáit ina gcáil mar stáit bhrataí, chalafoirt agus chósta atá freagrach as reachtaíocht sábháilteachta muirí a chur chun feidhme san Aontas Eorpach.

### An Stát Brataíh

In 2020, bhí bratach de chuid Ballstát AE ag tuairim is 13 000 long a raibh uimhir IMO orthu, gan báid iascaireachta a áireamh. Is ionann é sin agus 14% de chabhlach an domhain i dtéarmaí líon na long, agus 18% bunaithe ar mhéid (arna thomhas in olltonnáiste tomhas ar acmhainn iompair lastais). Is le náisiúnaigh nó cuideachtaí AE timpeall 20% de chabhlach an domhain.

Is iad na cineálacha long arb ionann iad agus an chomhréir is mó de chabhlach Bhallstát AE (gan báid iascaireachta san áireamh), soithí oibre eile (30%), longa paisinéirí (19%) agus tancaeir (17%), agus is RoPax agus tancaeir cheimiceán iad 45% agus 45% díobh sin faoi seach.

Tá cabhlach AE ag fás, ach ag luas níos moille ná cabhlach an domhain. Le cúig bliana anuas, tháinig méadú 3.4% ar sciar na long a bhí faoi bhratach Bhallstát AE, ach tháinig méadú thart ar 7% ar an gcabhlach domhanda.

Is gné thábhachtach den tsábháilteacht í aois loinge; míníonn sé na caighdeáin sábháilteachta a bhaineann leis. Tá aois mheánach chabhlach Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE MS) inchomparáide le haois chabhlach an domhain. Is iad longa paisinéirí agus soithí RoPax an cineál long is sine i gcabhlach AE, le meánaois de 28 agus 27 bliain faoi seach, agus is bulciompróirí agus tancaeir gháis na cinn is óige, le meánaois de 10 mbliana, agus coimeádáin ina dhiaidh sin ag a bhfuil meánaois de 11 agus tancaeir cheimiceán ag a bhfuil meánaois de 12.

Tá an chuid is mó de bhratacha Bhallstáit AE ar liosta bán MT Pháras, i.e. iad siúd a bhfuil taifid sábháilteachta mhaithe acu. Níl ach dhá cheann ar an liosta liath i.e., iad siúd a bhfuil roinnt saincheisteanna sábháilteachta acu agus níl aon cheann ar an liosta dubh.

Tá níos mó agus níos mó inniúlachtaí á dtarmligean ag stáit bhrataí, go háirithe maidir le suirbhéanna reachtúla a chur i gcrích, chuig eagraíochtaí aitheanta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cuid den eolas agus den taithí atá ag Stáit Bhrataí AE á bhfoinsiú allamuigh a bheag nó a mhór, rud a threisíonn a thábhachtaí atá sé saineolas láraithe AE a choinneáil. Tá stáit bhrataí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí a d'aithin siad, ach léiríonn iniúchtaí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ar stáit bhrataí (IMSAS), **maidir le húdarás a tharmligean chuig eagraíochtaí aitheanta, go bhfuil baint ag na torthaí is athfhilltí le laigí i gclár maoirseachta an údaráis.**

Tá 95 eagraíocht ar fud an domhain a aithnítear le bratach amháin ar a laghad, ach **níl ach 12 atá aitheanta ag an Aontas Eorpach agus a ndéanann an EMSA cigireacht rialta orthu**. Le linn phaindéim COVID-19, rinneadh suirbhéanna cianda den chéad uair. Mhol roinnt stát brataí go leanfaí leis an gcleachtas seo mar go bhféadfadh sé costais shuntasacha a shábháil. Mar sin féin, d'fhéadfadh rioscaí sábháilteachta a bheith mar thoradh ar easpa comhchuibhithe i nósanna imeachta. Chuir an tAontas Eorpach roimhe ar leibhéal an IMO úsáid

ciansuirbhéanna a theorannú do chúinsí eisceachtúla agus iad a chur faoi réir seiceáil fhisiceach ina dhiaidh sin chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon laghdú ar an leibhéal sábháilteachta.

De bhrí nach bhfuil aon bhunachar sonraí láraithe ann maidir le hiniúchtaí stát brataí, ní féidir anailís a dhéanamh ar na heasnaimh a aimsíodh. Mar sin féin, bhain **beagnach 40% de na heasnaimh a fuarthas sa réimeas speisialta le haghaidh cigireachtaí ar RoPax agus árthaí ardluais (HSC) le sábháilteacht dóiteáin.**


### Stát calafoirt

Oibríonn rialú stáit calafoirt go han-éifeachtach mar an dara líne d'fhíorú feidhmithe. Is díol suntais anseo an obair a dhéanann na cigirí rialaithe stáit chalafoirt san Aontas Eorpach, ina **ndéantar os cionn 14 000 cigireacht gach bliain. Aimsítear easnamh amháin i ngach dá chigireacht** ar a laghad **agus baineann 50% de na heasnaimh ar fad a thaifeadtar le cúrsaí sábháilteachta** (ag teacht faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir. Is iad easnaimh i ndáil le sábháilteacht ar dhóiteáin na heasnaimh is coitianta a thuairiscítear, beag beann ar an gcineál loinge.

Tá uiscí AE i measc na n-uiscí is gnóthaí ar domhan, agus tá tionchar díreach aige sin ar shábháilteacht mhuirí. In 2020, thug longa os cionn 680,000 cuairt ar chalafoirt AE, agus bhí bratach ó lasmuigh den Aontas ar cheathrú nach mór de na longa a thug cuairt ar chalafoirt AE le cúig bliana anuas **agus bhí a bhformhór mór (92%) cláraithe do thíortha faoi liosta bán MT Pháras**. Le linn an ama sin níor cláraíodh ach 5% de na longa nach bhfuil faoi bhratach Bhallstát AE a thug cuairt ar chalafoirt anseo chuig tíortha laistigh de liosta liath MT Pháras agus ní raibh ach 3% cláraithe do thíortha a bhfuil saincheisteanna sábháilteachta níos suntasaí acu (liosta dubh MT Pháras). Ba as Panama, Antigua & Barbúda, agus an Libéir a tháinig na 3 líon long ba choitianta a raibh bratach Ballstát lasmuigh den AE orthu agus a thug cuairt ar chalafoirt AE.

Is contúirt mhór do chriú, lastas agus calafoirt ghlactha mídhearbhú i gcás earraí dainséaracha agus truaillitheacha (hazmat). **Bhí céatadán na ndearbhuithe ábhair ghuaisigh a bhí ar iarraidh in 2020 (i SafeSeaNet, an córas Eorpach um fhaireachán ar thrácht soitheach) gar do 9% do longa a d'imigh ó chalafoirt AE agus 12% do longa a tháinig ó chalafoirt neamh-AE, faoi seach.**

**Cuairteanna calafoirt san Aontas Eorpach ag longa a bhfuil bratacha liatha agus dubha Bhallstát neamh-AE orthu**




Cuirfidh forbairt timpeallachta Fuinneog Aonair Mhuirí Eorpach a bheidh réadaithe go hiomlán, bonn faoi mhalartú sonraí níos cruinne idir gníomhaithe loingseoireachta, mar aon le laghdú ar an ualach riaracháin a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe faoi láthair. Fágfaidh sin go mbeifear in ann feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht, tráthúlacht agus infhaighteacht na faisnéise a mhalartaítear.

### Stát Cósta

Tá cearta agus oibleagáidí áirithe ar Stáit Chósta faoi ionstraimí idirnáisiúnta éagsúla, agus tá Cuardach agus Tarrtháil (SAR) ar cheann de na cinn is tábhachtaí. Go domhanda agus san Aontas Eorpach, baineann inniúlacht chuardaigh agus tarrthála leis an leibhéal náisiúnta agus oibríonn sé trí chomhaontuithe comhair i réigiúin éagsúla an Aontais. **Bhain formhór na gcásanna de ghníomhachtú SAR san AE (60%) le tionóiscí le báid iascaireachta.**

Tá bealaí nua á n-oscailt san Artach de bharr an athraithe aeráide, ní hamháin chun earraí a iompar, ach freisin chun paisinéirí a iompar ar bord long chúrsála (a bhfuil an líon a thaistealaíonn go dtí an tAntartach ag méadú freisin). Tá impleachtaí SAR aige seo sna réigiúin iargúlta seo ar deacair dul chomh fada leo.

## Reachtaíocht mhuirí AE a chur chun feidhme

Déantar reachtaíocht mhuirí AE a fhíorú go rialta trí chuairteanna a thugann an EMSA thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh. Tugadh os cionn **200 cuairt** ó bunaíodh an EMSA in 2002, chomh

maith le **300 cigireacht** ar fud an domhain maidir le gníomhaíochtaí eagraíochtaí a aithnítear san Aontas. Tá níos mó ná 'seiceálacha rialaithe' i gceist i gcuairteanna ar Bhallstáit. Tugann siad deis d'údaráis mhuirí éifeachtúlacht a mhéadú trí fhoghlaim ó dhea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana féin i mBallstáit eile, rud a chuidíonn le feidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú. Soláthraíonn an anailís chothrománach ar thimthriall iomlán na gcuairteanna tagarmharc sábháilteachta d'údaráis ar féidir leo a gcuid oibríochtaí féin a chur i gcomparáid leo, rud a chuidíonn le comhchuibhiú níos fearr. Soláthraíonn sé freisin aiseolas chéad phearsa do reachtóirí AE ar na saincheisteanna praiticiúla a tháinig chun solais agus dlí AE á chur i bhfeidhm.

## Tionóiscí

Le cúig bliana anuas**, tharla 3 200 tionóisc ar an meán gach bliain** ar bord long, tionóiscí a tháinig faoi raon na reachtaíochta AE is infheidhme, a eisíonn, i measc long eile, báid iascaireachta faoi 15 méadar ar fad. B'ionann tarluithe le hiarmhairtí ar nós cailleadh beatha, cailleadh na loinge ar fad nó damáiste mór do threalamh (an-tromchúiseach) agus 2.4% de na tionóiscí go léir a tuairiscíodh. B'ionann tionóiscí a raibh iarmhairtí acu amhail longa a ndearnadh damáiste dóibh ionas nach raibh siad in ann dul ar aghaidh, gortuithe tromchúiseacha nó damáiste neamhdhian don chomhshaol (tromchúiseach) agus 24.9% de na tionóiscí go léir.

**Ba bhaill chriú iad thart ar 90% díobh siúd ar chuir taismí muirí isteach orthu le cúig bliana anuas; tharla 490 bás idir 2014 agus 2020**. Tharla an líon is airde básanna a taifeadadh le linn tionóiscí a bhain le **soithí lastais**, arb iad na longa is coitianta sa chabhlach iad, agus ina dhiaidh sin **báid iascaireachta**, atá fós ar an gcineál loinge is leochailí ó thaobh tionóiscí.

Tá Áiteanna Tearmainn – limistéir inar féidir le long a bhfuil cúnamh de dhíth uirthi dul chun a riocht a chobhsú, agus ar an gcaoi sin guaiseacha do shaol an duine agus don chomhshaol a laghdú – ríthábhachtach nuair a tharlaíonn timpistí ar muir. Soláthraíonn Treoirlínte Oibriúcháin AE ar áiteanna tearmainn agus cleachtaí rialta barrbhoird gaolmhara uirlisí praiticiúla d'údaráis sna cásanna seo. Mar sin féin, léirigh **paindéim COVID-19** nach bhfuil soláthar i gcoincheap an Áit Tearmann, mar a shainmhínítear é faoi láthair, do ghéarchéim dhaonnúil den chineál seo a bhaineann leis an tsláinte agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh luach breise a bheith ag meicníocht chomhchosúil le haghaidh cásanna den sórt sin.

## Forbairtí nua: sábháilteacht long agus trealamh mara

Is próiseas casta agus fada é an timthriall ina ndéantar ceanglais nua sábháilteachta a mholadh, a phlé, a fhormheas agus a chur i bhfeidhm. Mar shampla, tarraingíodh aird ar cheist dóiteáin ar shoithí RoPax den chéad uair in 2015 tar éis tubaiste an Norman Atlantic inar cailleadh 11 dhuine. Mar sin féin**, is dóchúla ná a mhalairt nach go dtí 2026 a thiocfaidh na caighdeáin nua a cuireadh i dtoll a chéile chun an fhadhb a réiteach chun bheith éigeantach.**

Go hiondúil, ní chuirtear na caighdeáin uasghrádaithe **i bhfeidhm go siarghabhálach i ngeall ar an tionchar díréireach eacnamaíoch agus teicniúil a bheadh acu**, a fhágann go dtógann sé na deicheanna de bhlianta uaireanta go dtí go mbíonn tionchar ag athruithe ar an gcabhlach iomlán. Sampla maith is ea na riachtanais chobhsaíochta damáiste do longa paisinéirí. Léiríonn anailís ar an gcabhlach atá faoi bhratach Bhallstát AE gur roimh 1990 a tógadh 40% de na longa paisinéirí atá ag feidhmiú faoi láthair. Ó shin i leith, uasghrádaíodh na ceanglais chobhsaíochta damáiste go suntasach trí huaire.


I measc na n-ábhar is ábhartha ar chlár oibre sábháilteachta reatha an Aontais tá sábháilteacht ó dhóiteán ar RoPax; feithiclí a bhreoslaítear le breosla malartach a iompar ar longa; an comhéadan idir iompar de bhóthar agus iompar muirí; dóiteáin lasta ar longa coimeádáin agus cailliúint coimeádán; saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (soithí gan foireann) agus athbhreithniú ar thrí Threoir thábhachtach ón Aontas Eorpach ar Imscrúdú Tionóiscí, Rialú Stáit Calafoirt agus Cur i bhfeidhm Stát Bhrataí.

Maidir le cabhlach iascaireachta AE, tá geall le 75,000 soitheach cláraithe san AE-27. Níl ach 3% díobh faoi raon feidhme Threoir an AE atá tiomnaithe do shábháilteacht na mbád seo (os cionn 24 méadar ar fad).

Ina theannta sin, cé gurb ionann báid iascaireachta agus 17% de líon iomlán na long a raibh baint acu le tionóiscí a tuairiscíodh, **is ionann líon na mbád iascaireachta a cailleadh, agus níos mó ná 55%**

**de líon iomlán na soithí a cailleadh**, treocht a chonacthas le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, bhí an ráta taismeach an-tromchúiseach agus tromchúiseach **i bhfad níos airde i gcás báid iascaireachta** i gcomparáid leis an gcabhlach ina iomláine. Tuairiscíodh go raibh timpeall 50% de na tionóiscí go léir a bhain le báid iascaireachta an-tromchúiseach nó tromchúiseach, agus ba é 27% an meán do gach catagóir long.

### Ráta tarluithe an-tromchúiseach agus trom-chúiseacha in aghaidh an chineáil loinge




Maidir le sábháilteacht trealaimh mhara, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil leagan soghluaiste nua ag an Tairseach Treorach um threalamh muirí (MED) a d'fhorbair EMSA, ina bhfuil níos mó ná **190,000 iontráil mhíosúil ó 5,412 úsáideoir cláraithe ar fud an domhain,** lenar féidir ríomhchlibeanna a scanadh. D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach go háirithe d'údaráis um fhaireachas margaidh agus cuideoidh sé leis an bhféidearthacht trealamh neamhchomhlíontach a bheith ar bord a laghdú, mar éascóidh sé fíorú comhlíonta.

## Forbairtí nua: sábháilteacht agus inbhuanaitheacht

Ba cheart go rachadh iarrachtaí chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip in éineacht le hiarrachtaí chun longa a choinneáil sábháilte, go háirithe ós rud é go ngabhann rioscaí sábháilteachta le húsáid breoslaí nua (GNL, hidrigin, LPG, meatánól, amóinia, agus bithbhreoslaí) agus teicneolaíochtaí cumhachta (ceallraí agus cealla breosla).

**Tá córais cumhachtaithe cille breosla le haghaidh long** á bhforbairt mar mhalairt ar chealla agus cadhnraí in-athluchtaithe. Tá sé de bhuntáiste ag cealla breosla nach gá iad a mhuirearú má leantar den bhreosla a sholáthar, ach tá míbhuntáistí acu maidir lena ndlús ísealchumhachta agus na rioscaí a bhaineann le húsáid hidrigine.

Ba cheart an leictriú a fheiceáil ó dhá thaobh éagsúla. Ó thaobh amháin de, b'fhéidir go mbeadh ar longa a thugann cuairt ar chalafoirt nascadh le **líonra leictreach cois cladaigh** agus a gcuid lasta á luchtú nó á ndíluchtú acu. Beidh rioscaí ag gabháil leis an oibríocht seo don chomhéadan idir an long agus an stáisiún luchtaithe ar an gcladach. Ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach, tá Treoir Leictreachais Taobh an Chladaigh á forbairt ag EMSA, ag díriú go príomha ar thaobh an chalafoirt, agus tá an IMO ag forbairt treoirlínte a dhíríonn ar thaobh na loinge. Baineann an dara dearcadh le **suiteáil cadhnraí mar phríomhfhoinse fuinnimh ar longa.** I ndáil leis sin, ní mór rioscaí sonracha agus bearta sábháilteachta a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún Eorpach ar EMSA tús a chur le hobair ar an ábhar seo in éineacht le geallsealbhóirí ábhartha.

Níl an t-aistriú chuig breoslaí malartacha teoranta d'iompar muirí. Iompóidh iompar ar talamh freisin i dtreo na hinbhuanaitheachta chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach. San Aontas**, méadaigh feithiclí a úsáideann breoslaí malartacha de 29%** idir 2019 agus 2021, a fhágann gur gá do lastlonga agus báid paisinéirí agus longa lasta araon ullmhú faoi choinne na rioscaí sábháilteachta a ghabhann le hiompar na cineálacha seo feithiclí a mhaolú.

## Forbairtí nua: sábháilteacht agus digitiú

D'fhéadfaí gnóthachain éifeachtúlachta suntasacha a bheith mar thoradh ar deimhnithe leictreonacha long (ríomhdheimhnithe) a eisiúint. Sa chás seo, chaithfeadh cigirí níos lú ama ag seiceáil páipéar ar bord, a thabharfadh deis dóibh díriú ar riocht na loinge.

Tá cibear-riosca gaolmhar ag gabháil le húsáid mhéadaithe na gcóras ar bord long atá ag brath ar dhigitiú, ar chomhtháthú agus ar uathoibriú a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar shábháilteacht na loinge agus na ndaoine ar bord. Go ginearálta, díríonn an chibearshlándáil ar sheirbhísí digiteacha a chosaint ar ionsaithe d'aon ghnó. Mar sin féin,

is féidir le gníomhaíochtaí neamhbheartaithe, neamhdhíobhálach seirbhísí digiteacha ar bord long a chur faoi bhagairt agus difear a dhéanamh dá sábháilteacht iomlán. Samplaí de seo is ea teip fhéideartha le linn cothabháil bogearraí agus (easpa) paiste. Cé go bhfuil sé éigeantach anois cibear-rioscaí a áireamh i gCóras Bainistíochta Sábháilteachta na loinge, d'fhéadfadh go mbeadh sé dúshlánach don tionscal agus do na húdaráis náisiúnta bearta a chur chun feidhme agus a iniúchadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin ar bord.

## Forbairtí nua: sábháilteacht agus neamhspleáchas

Tá an t-uathoibriú ag dul chun cinn sa saol muirí, ag soláthar leibhéil éagsúla neamhspleáchais long. Ní hamháin go dtugann longa uathrialacha deiseanna nua don tionscal, ach tugann siad dúshláin freisin (tá córais chinnteoireachta acu chun áit chinnteoireacht chriticiúil na foirne a ghabháil chun imbhuailtí a sheachaint, freagairt do dhrochaimsir agus í a sheachaint, aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála, etc.) D'fhéadfadh easpa creata reachtaíochta iomchuí (téarmaíocht, dliteanas, caighdeáin, etc.) cur isteach faoi láthair ar uathoibriú a mhéadú ar bord long. Mar sin féin, meastar gur próiseas de réir a chéile a bheidh i bpróiseas an uathoibrithe; is dócha, le linn na gcéad bhlianta oibríochta, go seolfaidh longa cianrialaithe an-uathrialaithe ar na bealaí céanna agus go dtiocfaidh siad chuig na calafoirt chéanna agus longa traidisiúnta le foireann. D'fhéadfadh dúshláin a bheadh deacair a thuar teacht chun cinn i dtéarmaí suirbhéanna, ainlithe ar muir agus i gcalafoirt, monatóireacht ar thrácht hibrideach agus cáilíochtaí agus scileanna na ndaoine ar bord agus ar tír, i measc nithe eile.

## Conclúidí

Ar an iomlán, is féidir a chinneadh go bhfuil córas láidir sábháilteachta muirí forbartha ag an Aontas. Is iomaí dúshlán atá romhainn, ach tá rud amháin cinnte – níl sé de rogha againn ár n-iarrachtaí sábháilteachta a laghdú. Os a choinne sin, chun nach bhfillfear ar ré loingseoireachta faoi bhun caighdeáin a chonacthas i dtionóiscí mar an Erika, nó an Prestige, ba cheart don Aontas leanúint d'infheistíocht a dhéanamh ina chreat sábháilteachta muirí agus é a neartú.

Tá ról lárnach ag stát na brataí ó thaobh chéad sraith cosanta. Ach tá an chuid is mó d'obair an tsuirbhé tarmligthe chuig eagraíochtaí aitheanta agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach faireachán agus maoirseacht cheart a áirithiú ar leibhéal AE. Tá feidhmíocht na dara sraithe, an CPS, suntasach, agus is féidir a thorthaí a anailísiú go héasca tríd an ardán faisnéise THETIS.

Ó thaobh an tionscail de, tá cabhlach Bhallstáit an AE ag fás i gcónaí, bíodh sé ag luas níos moille ná an luas domhanda, agus is ceannaire domhanda é tionscal trealaimh mhuirí AE. Ar an taobh eile de, leanann longchlóis AE de bheith ag cailleadh sciar den mhargadh (gan ach 3% den olltonnáiste ar fud an domhain acu faoi láthair) i ndáil leis an Áis.

Maidir le próifíl aoise, tá meánaois chabhlach AE cosúil le meánaois chabhlach an domhain. Is é an chatagóir is sine ná an cabhlach paisinéirí, le meánaois 28 bliain, ach níl ach 10 mbliana ar an meán ag bulciompróirí agus ag iompróirí gáis.

Tá maraithe cáilithe riachtanach chun sábháilteacht oibríochtaí long a chinntiú agus tá siad ríthábhachtach do thodhchaí na hearnála muirí. Mar sin féin, tá próifíl aoise maraithe ag dul in airde, agus beidh sé ina dhúshlán amach anseo daoine a oibríonn ar bord long a earcú agus a choinneáil. Ag an am céanna, léiríonn cigireachtaí rialaithe stáit calafoirt (PSC) go mbíonn thart ar 25% de na heasnaimh go léir a fhaightear bainteach leis an eilimint dhaonna.

Maidir le sábháilteacht long, tá treocht chobhsaí le feiceáil i gcás líon na dtionóiscí, agus tháinig laghdú suntasach air in 2020, is dócha mar gheall ar thionchar COVID-19 ar thrácht mhuirí. Tá leochaileacht báid iascaireachta, longa móra paisinéirí, agus dóiteáin ar longa paisinéirí ró-ró agus ar longa coimeádáin ar chuid de na dúshláin is mó a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu i gcónaí.

Ba cheart go rachadh iarrachtaí chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip in éineacht le hiarrachtaí chun longa a choinneáil sábháilte, go háirithe ós rud é go ngabhann rioscaí sábháilteachta le húsáid breoslaí nua (GNL, hidrigin, LPG, meatánól, amóinia, agus bithbhreoslaí) agus teicneolaíochtaí cumhachta (ceallraí agus cealla breosla).

D'fhéadfadh an digitiú bearta éifeachtúlachta nua a thabhairt, bheadh ríomhdheimhnithe do longa agus ríomhchlibeanna do threalamh muirí ar dhá bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Is cinnte go dtiocfaidh tairbhí as méadú ar uathoibriú freisin i dtéarmaí deiseanna níos fearr don tionscal muirí. Mar sin féin, féadfaidh uathoibriú sraith nua dúshlán sábháilteachta a thabhairt isteach, chomh maith le riachtanais oiliúna agus cáilíochtaí (criúnna) nuashonraithe.

Ar an iomlán, feicfear go leor forbairtí sna blianta amach romhainn a rachaidh i bhfeidhm ar shábháilteacht mhuirí AE. Leanfaidh EMSA de bheith ag tacú leis an gCoimisiún Eorpach, leis na Ballstáit, leis an tionscal, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an tsábháilteacht a neartú sna blianta atá le teacht, mar atá déanta aige ina chéad fhiche bliain ar an saol.



## Dul i dteagmháil leis an Aontas Eorpach

**Go pearsanta**

Tá na céadta ionad faisnéise Europe Direct ar fud an Aontais Eorpaigh. Gheobhaidh tú seoladh an ionaid is gaire duitse ag: https://european-union.europa.eu/contact-eu_en.

**Ar an bhfón nó trí ríomhphost**

Is seirbhís í Europe Direct a fhreagraíonn do cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís seo:

- ar shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (féadfaidh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna seo)
- ag an uimhir chaighdeánach seo a leanas: +32 22999696
- le ríomhphost trí: https://europa.eu/european-union/contact_en.

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

**Ar líne**


Gheofar eolas ar an Aontas Eorpach i ngach teanga oifigiúil den Aontas ar shuíomh gréasáin AE ag: https://europa.eu Foilseacháin AE Is féidir leat foilseacháin saor in aisce agus foilseacháin phraghsáilte AE a ordú ag: https://op.europa.eu/publications Gheofar cóipeanna iolracha d'fhoilseacháin saor in aisce ach teagmháil a dhéanamh le Europe Direct (féach https://european-union.europa.eu/contact-eu_en).


**Dlí an Aontais agus doiciméid ghaolmhara**

Chun rochtain a fháil ar eolas dlíthiúil ón Aontas, lena n-áirítear gach dlí AE ó 1952 i leith i leagan gach teanga oifigiúil, gabh chuig EUR-Lex at: http://eur-lex.europa.eu.

**Sonraí oscailte a fhoilsíonn an tAontas**

Gheofar sa Tairseach Sonraí Oscailte (http://data.europa.eu/euodp) rochtain ar thacair sonraí ón Aontas. Is ceadmhach sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, is cuma más chun críoch tráchtála nó chun críoch neamhthráchtála é.



# FAOIN NGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ar cheann de ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh. Is é misean na Gníomhaireachta, atá lonnaithe i Liospóin, leibhéal ard sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú agus chun freagairt don leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara ó shuiteálacha gáis agus ola. Tá sé mar chuspóir foriomlán aici earnáil mhuirí atá slán, glan agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair di a chur chun cinn san Aontas.

## Déan teagmháil linn má theastaíonn tuilleadh eolais uait

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**
Praça Europa 4
Cais do Sodré
1249–206 Lisboa
An Phortaingéil

Teil +351 21 1209 200 / Facs +351 21 1209 210
emsa.europa.eu / Twitter@EMSA_Lisbon